Agóid Chiúin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin agóid a bhí i mBaile Átha Cliath inné. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

An bhfuil suim agat i gcúrsaí polaitíochta?

Cad atá ar eolas agat faoi pholasaithe Fhine Gael i leith na Gaeilge?

An bhfuil tábhacht ag baint leis an nGaeilge mar ábhar scoile, dar leat?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Student_____Ollscoil

Compulsory_____Bronn

Headquarters_____Polasaí

Petition_____Bileoga

Province of Leinster__Éigeantach

University_____Achainí

Policy_____Mac léinn

Stance_____Ceannáras

Present_____Cúige Laighean

Sheets/Pages_____Seasamh

Ceist 3 **a)** Cuir na háiteanna seo in ord reatha de réir mar a chloiseann tú iad sa sliocht

a. Ciarraí

b. Teach Laighean

c. An Dáil

d. Gaoth Dobhair

e. Baile Átha Cliath

f. Cúige Laighean

g. Cill Dara

b) Déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh leis na focail chearta.

Chuaigh siad _____ sin go Ceannáras Fhine Gael _____ hachainí a bhí sínithe ___ cúig mhíle dhéag duine ____ bhronnadh ar an bpáirtí. Leanfaidh siad _____ agóid a deir siad _____ dtarraingeoidh Fine Gael siar an moladh.

(a, leis an, go dtí go, as, ag, le)

Ceist 4 Déan iarracht aimsir an bhriathair a ainmniú sna samplaí thíos. Tá uimhir 1 déanta.

1. **Chuaigh** os cionn 500 mac léinn-

Aimsir chaite den bhriathar 'téigh'

2. **Táimid** anseo inniu.
3. **Leanfaidh** siad leis an agóid.
4. **Cuireadh** tús go luath le hagóid na mac léinn
5. ..go dtí go **dtarraingeoidh** Fine Gael siar...
6. **Molaim** daoibh teacht amach.

Ceist 5 '*leis an **b**polasaí*'

Cén fáth a gcuirtear urú ar an bhfocal 'polasaí'?

Cad atá difriúil i nGaeilge Chúige Uladh maidir leis an riail seo?

(a) Cén chanúint atá agat féin?

(b) An gcuireann tú séimhiú nó urú ar an ainmfhocal le réamhfhocal simplí agus an t-alt, i do chanúint?

(c) Athraigh na focail idir lúibíní más gá

1. Tá na beithigh ar an (bóthar)_____.
2. Tá an dinnéar ar an (bord)_____anois.
3. Beidh mé ag dul leis an (foireann)_____ peile.
4. Bíonn cóta deas ar an (buachaill)_____sin i gcónaí.
5. Léim an cat thar an (geata)_____.
6. Tá Pól leis an (cailín) _____ sin le bliain anuas.
7. Beidh Máire ar an (Aifreann)_____Dé Domhnaigh.
8. Bhí brú ar an (Rialtas)_____le fada.

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Is féidir a rá go mbeidh bás in ndán don Ghaeilge go luath má bhíonn Fine Gael i gcumhacht'.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Student_____**Mac léinn**

Compulsory_____**Éigeantach**

Headquarters_____**Ceannáras**

Petition_____**Achainí**

Province of Leinster__**Cúige Laighean**

University_____**Ollscoil**

Policy_____**Polasaí**

Stance_____**Seasamh**

Present_____**Bronn**

Sheets/Pages_____**Bileoga**

Ceist 3 **a)** Cuir na háiteanna seo in ord reatha de réir mar a chloiseann tú iad

1. c. An Dáil
2. b. Teach Laighean
3. f. Cúige Laighean
4. d. Gaoth Dobhair
5. a. Ciarraí
6. g. Cill Dara
7. e. Baile Átha Cliath

b)

Chuaigh siad **as** sin go Ceannáras Fhine Gael **le** hachainí a bhí sínithe **ag** cúig mhíle dhéag duine **a** bhronnadh ar an bpáirtí. Leanfaidh siad **leis an** agóid, a deir said, **go dtí go** dtarraingeoidh Fine Gael siar an moladh.

Ceist 4

1. **Chuaigh** os cionn 500 mac léinn

Aimsir chaite den bhriathar 'téigh'

2. **Táimid** anseo inniu.

Aimsir láithreach, 1ú Phearsa Iolra den bhriathar 'bí'

3. **Leanfaidh** said leis an agóid.

Aimsir fháistineach den bhriathar lean.

4. **Cuireadh** tús go luath le hagóid na mac léinn

Saorbhriathar, aimsir chaite den bhriathar 'cuir'

5. ..go dtí go **dtarraingeoidh** Fine Gael siar...

Aimsir Fháistineach den bhriathar 'tarraing'

6. **Molaim** daoibh teacht amach.

Aimsir ghnáthláithreach 1ú Phearsa den bhriathar 'mol'

Ceist 5

Cuirtear úrú ar ainmfhocail a thagann tar éis réamhfhocail shimplí agus an t-alt.

I nGaeilge Chúige Uladh, cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis réamhfhocail shimplí agus an t-alt.

Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail a thosaíonn le guta.

Freagraí

1. Tá na beithígh ar an **m**bóthar.
2. Tá an dinnéar ar an **m**bord.
3. Beidh mé ag dul leis an **bh**foireann.
4. Bíonn cóta deas ar an **m**buachaill.
5. Léim an cat thar an **n**geata.
6. Tá Pól leis an **g**cailín.
7. Beidh Máire ar an Aifreann Dé Domhnaigh.
8. Bhí brú ar an Rialtas le fada.

Ceist 6

Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

Máire T Ní Mhadaoin

Bail ó Dhia oraibh. Chuaigh os cionn 500 mac léinn i mbun agóide taobh amuigh den Dáil tráthnóna i gcoinne mholtaí Fhine Gael deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach san Ardteistiméireacht. Chuaigh siad[1] as sin go Ceannáras Fhine Gael le hachainí a bhí sínithe ag cúig mhíle dhéag duine a bhronnadh ar an bpáirtí. Leanfaidh siad leis an agóid, a deir said, go dtí go dtarraingeoidh Fine Gael siar an moladh.

Sorcha Ní Riada

Cuireadh tús go luath le hagóid[2] na mac léinn ar maidin agus iad ag dáileadh bileoga eolais ar dhaoine a bhí ag taisteal chun na hoibre, féachaint le tacaíocht a fháil le cur i gcoinne an mholta[3] maidir leis an nGaeilge a bheith roghnach san Ardteist. Labhair siad[4] le cúig chéad duine ar a laghad, a deir siad, gan trácht ar líon na mbileoga a dáileadh. Thug siad[5] aghaidh ar Theach Laighean i dteannta mac léinn ó[6] na hollscoileanna ar fad i gCúige Laighean mar aon le scata mór daltaí meánscoile.

Aodhán Ó Deá-Aontas na Mac Léinn
Táimid anseo inniu le taispeáint[7] do Fhine Gael[8] go bhfuil daoine óga feargach faoin seasamh atá acu faoin nGaeilge[9] don Ardteist. Níl muide chun glacadh leis. Ceapaimid má tá sé roghnach go ndéanfaidh sé an-an dochar don teanga. Nílimid sásta glacadh leis an bpolasaí seo, nílimid chun vótaí a thabhairt do Fhine Gael agus táimid ag rá leo an polasaí a athrú anois.[10] Níl daoine óga ag iarraidh go mbeidh deireadh leis an nGaeilge. Ná tabhair vóta don pháirtí má leanann siad leis an bpolasaí seo.

Micheál Clancy-Ógra Fhine Gael
I measc siúd a bhí i láthair bhí ball d'Ógra Fhine Gael a bhí ag caint ar a shon féin. "Tá mé fós i mo bhall d'Ógra Fhine Gael agus Fine Gael agus tá súil agam go mbeidh rialtas againn i gceann coicíse mar sin.[11] Níl mé ag moladh[12] gan vóta a chaitheamh d'[13]Fhine Gael ach gach aon duine i Fine Gael, taobh amuigh de Fhine Gael, nach bhfuil sásta leis an bpolasaí seo, molaim daoibh teacht amach agus a[14] rá nach bhfuil siad sásta, ach tá daoine ann gan amhras."

Leanfar leis an agóid ag cruinnithe poiblí i nGaoth Dobhair, i gCiarraí agus Cill Dara i rith na seachtaine.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath

---

[1] Chuadar deirtear
[2] Le agóid deirtear
[3] an moladh deirtear
[4] D'labhradar deirtear
[5] Thugadar
[6] ós a deirtear i gcanúint na Mumhan
[7] le thaispeáint a deirtear
[8] Fágtar an séimhiú ar lár
[9] Níor chuir sé urú i bhfeidhm
[10] Athraigh an polasaí anois
[11] So deirtear
[12] ag mholadh deirtear
[13] ar Fhine Gael deirtear
[14] ag rá deirtear